An Clár

An BNLO 5

Ráiteas an Chathaoirligh 6

Athbhreithniú an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin 8

Athbhreithniú ar Oibríochtaí 10

- Fócas Straitéiseach 10
- Seirbhísí Leasa Oideachais 10
- Seirbhísí Corparáideacha 17
- Taighde 19
- Todhchaí 23

Aguisíní 24

- 1 Baill Bhoird an BNLO 24
- 2 Sonraí faoi Thinreamh Scoile, 2004/2005 25
- 3 Baill an Ghrúpa Forfheidhmithe Scoile 28
- 4 Coistí Boird 29

An BNLO

Bunaíodh an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) in 2002 agus an fheidhm reachtúil atá aige ná a chinntiú go ndéanann gach leanbh freastal ar scoil nó go bhfaigheann siad oideachas ar bhealach eile nó go gcuirtear oiliúint orthu. Ceann de na príomhróil atá againn ná a bheith mar chrann taca do leanbh, do thuismitheoir nó do chaomhnóir má tá deacracht ann maidir le tinreamh scoile nó le leas oideachais.

Tá freagracht ar an mBord freisin as leanaí atá ag fáil oideachais lasmuigh den scoil, sa bhaile mar shampla, agus daoine 16 – 17 bliain d'aois a fhágann an scoil chun dul ag obair.

Sainmheon

Bunaíodh an Bord faoin Acht Oideachais (Leas), 2000. Is reachtaíocht fhorásach é an tAcht seo le cur chuige úrnua agus gaoiseach maidir le freastal scoile a chur chun cinn. Tá sainmheon an bhoird ag teacht leis an Acht. In ionad foláireamh a thabhairt do leanaí nach bhfuil ag freastal ar scoil go rialta, agus dá dtuismitheoirí, déanann an BNLO a dhícheall teacht ar chúis na faidhbe chun déileáil leis an bhfadhb.

Déanfaidh an BNLO gach iarracht sainmheon a chothú a léiríonn meas agus tuiscint ar dhaoine chun go gcuirfear leis na deiseanna atá ag gach duine óg sa Stát, go laghdófar an méid laethanta as láthair ag daltaí agus an ráta lauthfhágála scoile agus chun polasaí an Rialtais a sholáthar dóibh siúd.

Misean

An misean ag an BNLO ná an leibhéal rannpháirtíochta oideachais is mó agus is féidir a chothú i measc leanaí agus daoine óga trína chinntiú go bhfuil gach dalta ag freastal ar scoil nó ag fáil an oideachais chuí ar bhealach éigin.

Luachanna

Tugann na luachanna seo a leanas treoir don BNLO – is dlúthchuid iad dár bPlean Straitéiseach le haghaidh 2005 – 2007 (Is Fiú Gach Lá) agus is iad seo na prionsabail bunaidh a threoraíonn ár gcuid oibre. Tá tionchar láidir acu ar an mbealach ina dtugann an BNLO faoina chuid oibre mar eagraíocht, lena chomhpháirtithe oideachais agus an bealach ina gcomhlíonann sé a shainchúram:

- Tús áite a thabhairt do leana an linbh agus an duine óig
- Comhionannas oideachais a chur chun cinn do leanaí
- Tacú leis an bhfoireann agus cuidiú leo a gcuid oibre a chur i gcrích
- Rialú corparáideach ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm
- Feidhmiú go cuimsitheach agus go comhoibritheach.

Ráiteas an Chathaoirligh

Tugann foilsiú na Tuarascála Bliantúla do 2005 deis iontach don Bhord agus don fhoireann a lán de na héachtaí atá bainte amach le bliain anuas a chur os comhair an phobail agus cuireann sé fóram ar fáil, freisin, atá riachtanach le gur féidir cuid de na hábhair imní againn a lua go soiléir.

Ceann de na héachtaí is mó atá déanta ag ár gcuid oibre le dhá bhliain anuas ná bailiú agus anailís ar shonraí faoi thinreamh scoile. Seo an chéad uair ó bunaíodh an Stát go bhfuil fáil ar a leithéid seo de shonraí agus táimid buíoch díobh siúd uile a chuir eolas ar ais chugainn mar a bhí riachtanach faoin reachtaíocht. Cuireann an taighde agus an anailís ar na sonraí bunchloch ar fáil ónar féidir measúnú cruinn a dhéanamh ar na cineálacha fadhbanna is cúis le hasláithreacht agus luathfhágáil scoile. Nílimid ag tabhairt buille faoi thuairim a thuilleadh faoi mhéid na faidhbe in Éirinn, tá sonraí cruinne againn anois agus tugann an t-eolas seo neart dár gcur chuige an tAcht Oideachais (Leas) 2000 a chur i bhfeidhm ina iomláine. Níl Bunachar Sonraí Bunscoile againn sa Stát seo go fóill, dá bhrí sin tá ár sonraí, atá bailithe ón earnáil scolaíochta ar fad, ina n-acmhainn luachmhar a chabhraíonn linn anailís a dhéanamh ar threochtaí agus riachtanais a thaispeáint atá bunaithe go daingean ar fhianaise ón taighde.

Deimhníonn na sonraí a bailíodh in 2005 an chéad mheastachán ag an mBord (2001); chun ár riachtanais faoin Acht a chomhlíonadh go hiomlán tá foireann 363 duine ag teastáil uainn. Rinneadh an meastachán seo tar éis bliana oibre cúramaí ag an mBord (i gcomhar le saineolaithe) agus faoi threoir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Dar leis an gcéad mheastachán againn bheadh asláithreacht (os cionn 20 lá) beag nó mór ag 10%. Mar a tharlaíonn sé, insíonn na sonraí atá againn anois go bhfuil céatadán na ndaltaí atá as láthair 20 lá nó níos mó chomh hard le 18.9% ag an leibhéal Iar-bhunscoile (Weir, 2004). Cosúil le tíortha Eorpacha eile, tá méadú tagtha ar dhroch-thinreamh daltaí atá ina ndéagóirí; fairis sin, is iad siúd a thagann ó chúlraí aicme sóisialta níos ísle is dóichí nach rachaidh ar scoil. In ainneoin na leibhéal tinrimh seo, táimid ag feidhmiú le foireann 94 duine go náisiúnta – 61 díobh ina nOifigigh Leasa Oideachais agus as an méid sin tá 12 ina nOifigigh Leasa Oideachais Shinsearacha.

Tá glúin eile de dhaoine óga ag fulaingt de bharr asláithreacht scoile, agus de réir na sonraí againne, cuireann sé seo le teip agus le luathfhágáil scoile. Tá go leor taighde ann anois chun a dheimhniú go bhfuil baint go minic ag imeacht luath ón scoil, sa gheilleagar eolasbhunaithe ina bhfuilimid, le beatha ar thuarastal íseal, nó fiú dífhostaíocht, agus ar ball cothóidh na fadhbanna seo eisiamh sóisialta agus, i gcásanna áirithe, iompraíocht fhrithshóisialta. Cuireann an cur amú mianaigh a léiríonn ár staitisticí dualgas morálta ar bhaill an Bhoird (liostáilte in **Aguisín 1**) ár n-imní a chur in iúl agus gach iarracht is féidir a dhéanamh go mbeadh na hacmhainní uile ar fáil atá ag teastáil i gcomhair obair an Bhoird. Má theipeann orainn na hacmhainní atá ag teastáil a chur ar fáil anois beidh an Stát thíos go mór leis amach anseo.

Is éachtach go mór an méid a bhain ár mBord agus ár bhfoireann amach sa tréimhse seo go háirithe i gcomhthéacs an chúlra atá luaite thuas. Thar aon ní eile ba mhaith liom mo mheas a chur in iúl maidir leis an dúthracht a léirigh an fhoireann ar fad ag cloí go docht daingean leis an reachtaíocht i seachadadh seirbhíse a choinníonn an fócas leasa i gcónaí agus iad ag déileáil le gach cás asláithreachta scoile. Go deimhin, chuala mé ár n-oifigigh á moladh, go háirithe i gceantair bhochta áit a mbíonn tuismitheoirí ag mothú go bhfuil siad leo féin agus iad ag iarraidh a bpáistí a mhealladh ar ais ar scoil. Ábhar sóláis go minic dóibh siúd gan rachmas é duine fásta eile a bheith sa phobal atá neamhspleách ar an scoil agus atá dírithe ar leas an duine óig. Taispeánann píosa taighde a rinneadh le déanaí (MORI,

2005 – féach leathanach 20) an méid struis agus an bhuairt a bhíonn ar thuismitheoirí mar gheall ar leanaí a bhfuil ag teip orthu dul ar scoil: is féidir leis na daoine fásta seo an toradh a fheiceáil ina saol féin ar dheiseanna oideachais atá caillte.

Ó cuireadh tús leis an obair againn chuireamar romhainn é comhoibriú le gach duine, gach seirbhís agus gach gníomhaireacht atá ag feidhmiú, i gceantar áitiúil ar bith, san obair chéanna linne. Leis an ról agus an cúram atá orainne de réir na reachtaíochta, táimid mar cheannródaithe agus tá prótacail forbartha againn chun a chinntiú go bhfaighidh gach leanbh nó duine óg seirbhís chomhtháite a chuideoidh go dearfach leo a mianach oideachais iomlán a bhaint amach. Chun seirbhís chomhtháite a sholáthar tá gá le ceannasaíocht shoiléir agus táim an-bhuíoch gur ghlac ár bhfoireann an cúram seo orthu as a stuaim féin mar atá riachtanach faoin reachtaíocht.

Leag foilsiú an Phlean Straitéisigh againn le linn 2005 clár oibre amach don tréimhse trí bliana atá le teacht. Is uirlis bheo a leithéid seo de Phlean a bheidh mar threoir dúinn inár gcuid oibre agus a dhéanfaidh measúnú ar ár ndul chun cinn. Braitheann cur i ngníomh bhunsmaoineamh an Phlean ar dhíograis agus ar dhúthracht leanúnach an Bhoird agus na foirne. Le tamall anuas, mar Chathaoirleach ar an mBord seo, fuair mé spreagadh agus misneach ó stuaim agus ó fhlaithiúlacht na gcomhghleacaithe agam ar mBord. Chabhraigh cruthaitheacht agus mórchumas straitéiseach an Bhoird seo linn an fónamh is fearr a bhaint as acmhainní a bhí teoranta. Is léir gur mhéadaigh ár gcuid oibre sa tréimhse seo an aird a thugtar anois ar a thábhachtaí is atá sé ceart an linbh chun oideachais agus lántinrimh a chur i ngníomh. Tá ardmholadh tuillte ag gach duine den 94 duine ar ár bhfoireann atá ag obair gan stad gan staonadh agus ar éirigh leo, faoi cheannas ár bPOF, Eddie Ward, seirbhís atá ar an gcaighdeán gairmiúil is airde a chur ar fáil ar an gcaighdeán gairmiúil is airde a chur ar fáil.

Agus muid ag tabhairt aghaidh anois ar 2006 déanaimid comóradh ar 1916 agus cuimhnímid ar uaillmhian uasal an Fhorógra go mbeifí 'chomh ceanúil céanna ar chlann uile an náisiúin'. Is ionann infheistiú i ngach gné de sholáthar oideachais agus infheistiú i luach sóisialta a chruthóidh, gan dabht ar bith, deiseanna cothroma do leanaí agus d'óige an Stáit inniu. Tá súil againn go gcuimhneofar ar 2006 amach anseo mar an bhliain ina raibh dóthain acmhainní ag an BNLO chun a fhreagracht reachtúil a chomhlíonadh go hiomlán.



Ann-Louise Gilligan
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin

Tá an fhís a spreag an tAcht Oideachais (Leas) 2000 mar ghné lárnach den obair ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais – má fhaigheann gach leanbh oideachas, beidh ar a chumas a bheith rannpháirteach inár sochaí ar bhonn cothrom lena chomhghleacaithe, agus beidh sé nó sí ábalta fóir a bhaint as na deiseanna iomadúla atá ar fáil faoi láthair do dhaoine óga. Céim bhunúsach is ea freastal rialta scoile a chuideoidh le gach duine cáilíochtaí oideachais a bhaint amach agus dá réir seo beidh tionchar aige ar chumas an duine óig teacht ar oideachas breise nó traenáil a fháil le go n-éireoidh go maith leis/léi sa mhargadh fostaíochta.

Is é an BNLO an t-aon ghníomhaireacht reachtúil náisiúnta a bhfuil freagracht uirthi as an reachtaíocht (Acht Oideachais (Leas), 2000) a fhorfheidhmiú agus a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh oideachas, nó oiliúint mar is cuí.

In 2005, tháinig an chéad fhianaise neamhspleách chun solais a léiríonn go bhfuil ag éirí leis an reachtaíocht nua. B'ionann an feabhas a tháinig ar thinreamh scoile sna háiteanna ina bhfuil na hOifigigh Leasa Oideachais bunaithe agus 4%. Ábhar mór misnigh é seo, ní hamháin don Bhord agus a fhoireann ach don Roinn atá i bhfeighil an BNLO (An Roinn Oideachais & Eolaíochta), do mhúinteoirí agus scoileanna agus, gan amhras, do theaghlaigh na 20,000 leanbh a raibh rath ar an idirghabháil a rinneadh leo ó Eanáir 2004 i leith.

Tá foireann 94 duine ag an mBord faoi láthair, agus 83 díobh páirteach i seachadadh seirbhísí. I rith na bliana ceapadh Oifigigh Leasa Oideachais in ocht suíomh nua, rud a ardaíonn an líon suíomh go 26 ar fud na tíre. Tá méadú i gcónaí ag teacht ar an líon daltaí atá á atreorú ag scoileanna chuig an tseirbhís, ach toisc teorainn a bheith lenár gcumas déileáil leo tá a lán leanaí le deacrachtaí nach bhfuilimid ábalta teacht orthu. Is mór an saothar é na leanaí a chuirtear chugainn a eagrú ó thaobh tosaíochta de agus is ualach mór an méid cásanna atá againn. Tuigimid go bhfuiltear ag breathnú ar riachtanais an Bhoird agus tá dóchas againn go bhfásfaidh an tseirbhís de réir ghealltanas an Rialtais dul i ngleic le míbhuntáistí oideachais.

Tar éis dúinn comhairliúchán leathan inmheánach agus seachtrach a bheith againn, d'fhoilsigh an Bord a chéad Phlean Straitéiseach don tréimhse 2005 – 2007, dar teideal 'Is Fiú Gach Lá'. Sa Phlean seo, cuireann an Bord a phríomhluachanna i bhfriotal, luachanna a bheidh mar threoir dúinn inár gcuid oibre amach anseo. Mar ghné lárnach de seo mothaímid go gcaithfear tús áite a thabhairt do riachtanais leanaí agus dhaoine óga nuair atá polasaithe á mbeartú agus seirbhísí á seachadadh.

Gach bliain cailleann 84,000 leanbh faoi bhun 16 bliain d'aois 20 lá scoile nó níos mó agus d'fhéadfadh go bhfuil beagnach 30,000 ag cailliúint suas le 40 lá. Tugann na huimhreacha sna sonraí seo le fios go síneann an fhadhb asláithreachta níos faide amach ná díreach na ceantair is boichte, rud a thagann leis na torthaí a fuarthas maidir le luathfhágáil scoile. Tá an iliomad cúiseanna casta leis seo agus táimid ag obair ar straitéisí chun dul i ngleic leo go léir. Ceann de na Spriocanna Straitéiseacha is mó atá againn ná tuiscint níos fearr a thabhairt don phobal ar a thábhachtaí is atá freastal rialta scoile.

Feictear dúinn ón gclár taighde agus, go háirithe, ón taithí ag ár bhfoireann agus iad ag obair le pobail éagsúla ar fud na hÉireann gur táscaire luath é an asláithreacht scoile a léiríonn riachtanas i saol an linbh nó an duine óig. Tá riachtanais dá leithéid seo ilghnéitheach de ghnáth agus tugann an fhianaise thurgnamhach go léir le tuiscint gur fearr i gcónaí dul i ngleic leo go luath i saol an linbh. Táimid ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais & Eolaíochta, le scoileanna agus le seirbhísí eile chun bonneagar a fhorbairt a chabhróidh linn leanaí atá 'i mbaol' a aithint, ionas gur féidir idirghabháil chuí agus thráthúil a dhéanamh.

Tá an gaol atá againne le heagraíochtaí seachtracha mar chuid lárnach den ghealltanas againn maidir le seachadadh seirbhísí chomh maith le forbairt ar chleachtais oibre chomhoibritheacha. Cuireann obair ár nOifigeach Leasa Oideachais leis an obair a dhéanann scoileanna agus na seirbhísí tacaíochta éagsúla atá ag feidhmiú ag leibhéal na scoile agus leibhéal an phobail araon. Dá bhrí sin, tá forbairt struchtúir oibre idir-eagraíochtúla ar cheann de Phríomh-Spriocanna Straitéiseacha an Bhoird. Le linn 2005 cuireadh tús le forbairt ar phrótacail chun cuidiú le comhpháirtíocht éifeachtach idir an BNLO agus gníomhaireachtaí eile ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus pobail a chuireann cuimsitheacht shóisialta agus oideachais chun cinn i measc pobail áitiúla.

De réir dlí, tá freagrachtaí móra ar scoileanna maidir le tinreamh agus caighdeán na seirbhíse oideachais atá ar fáil do leanaí agus dá dteaghlaigh. Caithfidh an Bord tacú le scoileanna san obair seo. Tá ardmheas ag an mBord ar an mbealach ina bhfuil na freagrachtaí seo tógtha orthu féin ag na scoileanna. Acmhainn iontach a bhí in obair an Ghrúpa Forfheidhmithe Scoile, a bhfuil bainisteoirí scoile, príomhoidí agus múinteoirí maille le tuismitheoirí mar bhaill de, a chuir comhairle ar fáil don Bhord maidir le ceisteanna ag leibhéal na scoile agus a chabhraigh le deacrachtaí a réiteach maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta. I rith na bliana, seoladh treoirlínte cuimsitheacha go dtí gach scoil ar thuairisciú asláithreachtaí daltaí agus ar dhíbirt ón scoil. Cuireadh tús le hobair ar Chóid Iompraíochta agus Straitéisí Tinrimh freisin.

Tá gach leanbh i dteideal oideachas a fháil agus is faoi thuismitheoirí agus caomhnóirí é a chinntiú go ndéanann a leanbh siúd freastal ar scoil nó go gcuirtear oideachas orthu ar bhealach éigin eile. Mar rogha deiridh, tá an ceart dlíthiúil ag an mBord ceart an linbh chun oideachais a chosaint. In 2005, d'eisigh an BNLO a chéad Fhógraí Tinrimh Scoile, an chéad chéim i dtreo an dlí a chur ar thuismitheoirí ar theip orthu thar achar ama comhoibriú le hOifigigh Leasa Oideachais. An príomhghnó atá againne ná oibriú le tuismitheoirí agus le caomhnóirí chun a chinntiú go mbeidh na tacaí acu a leanaí a chur ar scoil. Is air seo a dhíreoimid ár gcuid iarrachtaí agus ní bheidh sa chaingean dlí ach gné an-bheag dár gcuid oibre. Tá an ceart ann, de réir dlí, oideachas a chur ar leanaí lasmuigh de scoileanna aitheanta. Tá an BNLO ag obair i gcomhar le tuismitheoirí chun córais mheasúnaithe a chur ar fáil le ceart a leanaí chun oideachais a chosaint agus dearbhú a thabhairt do na teaghlaigh atá i gceist.

Cé go ndearnadh a lán dul chun cinn in 2005, is gá fréamhacha na heagraíochta seo, eagraíocht atá óg, a threisiú i gcónaí, fad a leanaimid orainn ag forbairt seirbhíse náisiúnta agus ag cur tacaí ar fáil do thuismitheoirí agus scoileanna. Braitheann an cumas atá againn na cuspóirí seo a chomhlíonadh ar an leibhéal acmhainní a chuireann an Rialtas ar fáil dúinn agus bainfimid an úsáid is fearr as na hacmhainní seo chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar i gcomhar le daoine eile.

Ar deireadh thiar, ba mhaith liom moladh ar leith a thabhairt dár bhfoireann arb é a ndúthracht agus a ndíograis maidir le sainmheon an Achta Oideachais (Leas), 2000 faoi deara an rath atá ar obair an Bhoird go dtí seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an Roinn agus na feidhmeannaigh go léir ann agus le gach eagraíocht sheachtrach a d'oibrigh i gcomhar leis an BNLO le linn 2005 agus táim ag súil le forbairt a dhéanamh ar an ngaol oibre eadrainn araon in 2006 agus sna blianta atá romhainn



Eddie Ward
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Fócas Straitéiseach

In 2005 d'fhoilsigh an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais plean straitéiseach a bheadh mar threoir dó ina chuid forbartha. An aidhm atá le Plean Straitéiseach an Bhoird 2005 – 2007, 'Is Fiú Gach Lá', ná eagraíocht láidir a thógáil ar féidir leis a dhualgais maidir le leanaí, scoileanna agus teaghlaigh a chomhlíonadh.

Tugann an Plean Straitéiseach léargas ar na freagrachtaí fairsinge agus éagsúla atá ar an BNLO faoin Acht. Bíodh is gur sinne an eagraíocht a bhfuil freagracht dlí orainn as an Acht, tá sé i gceist ag an BNLO oibriú i gcomhar le gach tuismitheoir a bhfuil leanaí acu ag dul ar scoil, agus lenár gcomhpháirtithe oideachais, lena chinntiú go ndéantar forfheidhmiú iomlán ar an Acht.

Tá dualgais fhairsinge ar an BNLO – cur chun cinn agus cosaint a dhéanamh ar an gceart chun oideachais atá ag gach leanbh agus duine óg, agus a chinntiú go mbaineann siad an tinreamh scoile is fearr amach. Trí chur i bhfeidhm na Spriocanna Straitéiseacha againn táimid ag súil go bhfaighimid tuiscint níos doimhne agus níos soiléire ar sheachadadh seirbhíse comhtháite éifeachtach agus go gcuirfimid lenár gcomhthuiscint maidir leis na dúshláin atá romhainn. Is iad seo a leanas na Spriocanna Straitéiseacha a bhfuil glactha ag an mBord leo:

- Straitéis choiscthe a chur i bhfeidhm a chothóidh cultúr tinrimh maith agus rannpháirtíocht ag leanaí agus a muintir, rud a ísleoidh an leibhéal asláithreachta.
- Cás láidir bunaithe ar shonraí a chur faoi bráid an Rialtais chun na riachtanais bhreise foirne atá ag an mBord a bhrostú chun críche, a chumas chun déileáil le cásanna a mhéadú agus cuidiú le seirbhísí leasa oideachais ar ardchaighdeán a sheachadadh.
- Comhpháirtíocht láidir agus cleachtais chomhoibritheacha a chur ar bun le heagraíochtaí stáit agus pobail, agus cur leis an bhflosc seo tríd infheistíocht oideachais eile, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste.
- A chinntiú go mbaintear an leas is fearr as acmhainní agus idirghabhálacha chun an toradh is fearr a fháil do leanaí trí straitéis taighde a chur i bhfeidhm agus cleachtais agus polasaí a fhorbairt bunaithe ar fhianaise.
- A bheith inár n-eagraíocht a bhíonn ag foghlaim i gcónaí agus a dhéanfaidh tacú le agus forbairt ar ár bhfoireann.

Tabharfaidh ár ráitis misin agus ár luachanna treoir dúinn maidir leis na roghanna a chaithfear a dhéanamh chun na spriocanna seo a bhaint amach. Ag an leibhéal praiticiúil, ullmhófar pleananna gnó bliantúla agus cáipéisí eagraíochtúla eile chun cuidiú leis an saothar seo.

Seirbhís Leasa Oideachais

1 Seirbhís Náisiúnta

Thug an Bord tosaíocht ar leith do bhunú agus do thógáil Seirbhíse Leasa Oideachais Náisiúnta. Feidhmíonn an BNLO trí chúig fhoireann réigiúnacha agus Bainisteoir Réigiúnach i gceannas ar gach ceann acu a fhaigheann tacaíocht ó mhéid áirithe Oifigeach Leasa Oideachais Sinsearach (SEWOanna). Tá seirbhís á chur ar fáil anois ó 26 suíomh ar fud na tíre. In 2005, leathnaíodh an tseirbhís amach go hocht suíomh nua: Brí Chualann, Áth Luain, Tuaim, Caisleán an Bharraigh, An Longfort, An Tulach Mhór, Port Laoise agus An

Cabhán. (Táimid tar éis a bheith in 18 suíomh ó bunaíodh an eagraíocht in 2004; sna cathracha seo: Baile Átha Cliath , Corcaigh, Gaillimh, Port Láirge, Luimneach agus Cill Chainnigh agus sna bailte seo: Leitir Ceanainn, Sligeach, Gaillimh, Inis, Trá Lí, Port Láirge, Ceatharlach, Brí Chualann, Droichead Átha, Dún Dealgan, Áth Luain agus An Uaimh.)

Faigheann an tSeirbhís Náisiúnta Leasa Oideachais tacaíocht ó rannóg Seirbhísí Corparáideacha an BNLO, atá mar inneall ag croílár na heagraíochta ar fad (féach leathanach 17). Tá tacaíocht ar fáil d'obair dhúshlánach seo an Oifigigh Leasa Oideachais ó fhoireann riaracháin áitiúil agus réigiúnach a dhéanann an obair bhunúsach chun tacú leis na hOifigigh Leasa Oideachais ina gcuid oibre

Oifigigh Leasa Oideachais

Is é an gréasán Oifigeach Leasa Oideachais ag an BNLO an príomhchóras trína gcomhlíonann an Bord a chúramaí reachtúla chun a chinntiú go mbainfidh gach leanbh tairbhe as an oideachas.

Faoi láthair tá 73 Oifigeach Leasa Oideachais (61 EWO agus 12 EWO Sinsearach) ag obair i measc pobail éagsúla sa tír mar thacadóirí nó crainn taca do thuismitheoirí, do chaomhnóirí agus do leanaí a bhfuil deacrachtaí acu le freastal scoile nó le leas oideachais.

Ag tús na forbartha tugadh tosaíocht do na ceantair is mó a bhí faoi mhíbhuntáiste (le teideal RAPID 1) le daonra suntasach de dhaltaí scoile. Cuireann Oifigigh Leasa Oideachais dianseirbhísí ar fáil sna ceantair seo. Lasmuigh de na ceantair seo, cuirtear seirbhís níos lú ar fáil agus tugtar tosaíocht do leanaí nach bhfuil ar scoil in aon chor nó leanaí le tinreamh an-íseal.

Agus obair leantach á dhéanamh le leanaí éagsúla, déantar seiceáil ar an obair atá déanta ag na scoileanna agus a bhfoirne. Is gnách le hOifigigh Leasa Oideachais teagmháil a dhéanamh leis an bpríomhoide nó duine ainmnithe eile faoi gach leanbh sula ndéantar teagmháil leis an teaghlach. Gné ar leith den obair ag Oifigigh Leasa Oideachais ná an cumas atá acu gaol maith a fhorbairt le duine óg agus an teaghlach acu. Tá ról riachtanach ag cuairteanna baile sa phróiseas seo agus is minic a thagann réiteach ar fhadhbanna do leanaí agus teaghlaigh atá i ngátar ón gcéad chnag ar an doras. Chomh luath is a aithnítear na fadhbanna bunúsacha is féidir le hOifigigh Leasa Oideachais tabhairt faoi réiteach a lorg ar chás gach teaghlaigh ar leithligh, agus i gcomhar le foirne scoile agus seirbhísí tacaíochta áitiúla eile más gá.

2 Tuairisciú ar Thinreamh Scoile

Tá sé de cheangal ar scoileanna de réir dlí tuairisc a thabhairt ar thinreamh scoile ó tháinig an tAcht Oideachais (Leas), 2000 i bhfeidhm. Tá an ceanglas seo ann chun leas oideachais na leanaí a chosaint. Caithfear dul i ngleic le drochthinreamh go luath; mura ndéantar amhlaidh, mar a léirigh an taighde, is féidir go bhfágfadh daoine an scoil go luath (ní aistríonn breis is 1,000 leanbh ó Bhunscoil go hIar-bhunscoil gach bliain), go mbeadh torthaí scrúduithe níos measa acu agus níos lú deiseanna sa saol do leanaí.

Treoir do scoileanna

In 2005, fuair gach scoil treoir maidir leis an reachtaíocht agus an tuairisciú ar thinreamh agus ar dhíbirt daltaí. Chuir na treoracha comhairle céim ar chéim ar fáil faoin uair agus an bealach ar chóir tuairiscí tinrimh a dhéanamh.

Sheol scoileanna tuairisc isteach ar na daltaí sin le tinreamh an-olc ar fad a aithníodh le linn na scoilbhliana reatha, i.e. daltaí a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

- Dalta a bhí as láthair ón scoil ar feadh 20 lá ar fad nó níos mó.
- Dalta a mbaintear a (h)ainm de rolla na scoile ar chúis ar bith.
- Dalta atá ar fionraí ar feadh sé lá ar fad nó níos mó.
- Má tá príomhoide buartha faoi thinreamh an dalta.
- Má tá dalta díbeartha ón scoil.

Bhí cúig thuairisc asláithreachta daltaí agus tuairisc tinrimh bhliantúil amháin le seoladh isteach ag deireadh na scoilbhliana 2004/2005.

www.schoolreturn.ie

Ceapadh an córas tuairiscithe ar líne www.schoolreturn.ie chun a chinntiú gur saothar éasca do scoileanna a bheidh sa tuairisciú ar thinreamh. Rinneadh forbairt ar an suíomh gréasáin i gcomhairle le bainisteoirí scoile, príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí.

Fobraíodh **www.schoolreturn.ie** chun go mbeadh sé níos éasca ar scoileanna tuairisc a thabhairt ar dhaltaí le deacrachtaí tinrimh. Tá gnéithe eile den suíomh a bheadh úsáideach do scoileanna agus iad ag déileáil le hasláithreachtaí dalta.

Tá líne fóin 'Ló-Ghlao' ar leith ann chun tacú leis an suíomh – 1890 36 36 66 agus bíonn an Bord ag faire i gcónaí ar fheidhmiú an tsuímh. Tá rúndacht ag baint leis an suíomh agus ní féidir teacht air gan cód rochtana scoile. Tá sé faoi chosaint ag an Acht um Chosaint Sonraí (1988 – 2003) agus an tAcht Oideachais (Leas) 2000.

Cur i Láthair

Le linn 2005, rinneadh cur i láthair ar fud na tíre, le tacaíocht ó cheardchumainn na múinteoirí, ar conas na tuairiscí leictreonacha a dhéanamh. Cuireadh seastáin eolais in airde freisin ag comhdhálacha na múinteoirí chun an tseirbhís a chur chun cinn agus chun aon cheisteanna a bheadh ag dreamanna ar leith a fhreagairt.

Ina theannta sin, tionóladh 21 cruinniú eolais ar fud na tíre faoi Sheirbhís Leasa Oideachais an BNLO agus socruithe maidir le tuairisciú do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna.

3 Sonraí Tinrimh Scoile

Ó cuireadh an tAcht Oideachais (Leas) 2000 i bhfeidhm, tá sé de cheangal ar scoileanna de réir dlí tuairisc a chur chuig an BNLO ar na leibhéil tinrimh scoile. Is é 2004/2005 an dara bliain inar bailíodh agus inar deimhníodh sonraí ar bhonn gairmiúil. I measc na bpríomhthorthaí (féach **Aguisín 2**) ar an Anailís ar Thinreamh Scoile ag an Leibhéal Bunscoile agus Iar-bhunscoile 2004/2005 tá na fíricí seo a leanas:

- Cailleann deich faoin gcéad de dhaltaí Bunscoile (tuairim is 47,000 dalta) breis is 20 lá scoile gach bliain (nó 11% den scoilbhliain).
- Cailleann naoi déag faoin gcéad de dhaltaí Iar bhunscoile (tuairim is 37,000 dalta faoi 16 bliain) breis is 20 lá scoile gach bliain (nó 12% den scoilbhliain).
- Cailleann gach dalta Bunscoile 10 lá ar an meán gach bliain. Mar sin féin, sna ceantair uirbeacha is mó faoi mhíbhuntáiste, bíonn daltaí as láthair ar feadh 17 lá ar an meán.
- Cailleann gach dalta Iar-bhunscoile 14 lá ar an meán i rith na scoilbhliana; sna ceantair is mó faoi mhíbhuntáiste bíonn gach dalta as láthair ar feadh 21 lá ar an meán.
- Bíodh is go bhfuil tinreamh níos ísle sna ceantair faoi mhíbhuntáiste, is ceist í seo a bhaineann le gach cuid den phobal.

I mí na Samhna 2005, cuireadh forbhreathnú ar na torthaí seo faoi bhráid Choiste Taighde an BNLO agus faoi bhráid na Roinne Oideachais & Eolaíochta. Bhí na torthaí seo mar chuid d'aighneacht Réamh-Bhuiséid an BNLO (2006) atá foilsithe ó shin agus atá ar fáil ar líne ag www.newb.ie/policy.shtml

4 Straitéisí Tinrimh Scoile

Tá an réamhobair tosaithe ar threoirlínte do scoileanna chun straitéisí tinrimh a fhorbairt agus chun asláithreacht ag daltaí a sheachaint. Mar an chéad chéim chun Straitéis Tinrimh Scoile a fhorbairt rinneadh coimisiúnú ar an ESRI chun taighde a dhéanamh thar ceann an Bhoird ar na

cúiseanna atá le tinreamh íseal. Thosaigh an taighde in 2005 agus tabharfaidh sé seo treoir don fhorbairt ar Straitéisí Tinrimh Scoile (féach leathanach 19).

5 Grúpa Forfheidhmithe Scoile

Cuireann an Grúpa Forfheidhmithe Scoile – ar a bhfuil tuismitheoirí, bainisteoirí scoile agus múinteoirí – comhairle ar an BNLO maidir le tosaíochtaí ginearálta agus maidir le haon ábhair agus treoirlínte atá le dáileadh go speisialta ar scoileanna. An ról atá ag an nGrúpa ná a chinntiú gur féidir na hábhair seo a úsáid go héasca, go bhfuil siad praiticiúil agus oiriúnach do na sceidil scoile atá gnóthach cheana féin (tugann **Aguisín 3** liosta de bhaill an ghrúpa seo).

6 Cóid Iompraíochta

I mí na Nollag 2005, chuir an BNLO tús le próiseas trí chéim a dhéanfaidh forbairt ar na chéad Treoirlínte Náisiúnta ar Chóid Iompraíochta Scoile.

Díreoidh na Treoirlínte seo ar na bealaí inar féidir le scoileanna déileáil céim ar chéim le ceisteanna iompraíochta, rud a thugann tacaíocht do rannpháirtíocht an uile dhuine san oideachas.

Cheap an Bord sainghrúpa chun na treoirlínte a dhréachtú, a bheidh mar bhunús le próiseas comhairliúcháin leathan le scoileanna, tuismitheoirí, comhpháirtithe oideachais, eagraíochtaí a oibríonn le leanaí, agus leis na leanaí féin go háirithe. Tabharfaidh an t-aiseolas ón gcéim chomhairliúcháin seo, a thosóidh sa scoilbhliain 2006/2007, treoir maidir leis na Treoirlínte deiridh. Foráiltear d'fhorbairt na dTreoirlínte do Chóid Iompraíochta Scoile in Alt 23(2) den Acht Oideachais (Leas) 2000. Beidh feidhm ag na Treoirlínte seo i ngach scoil atá clúdaithe ag an Acht.

Cuirfidh Treoirlínte an BNLO san áireamh an obair atá déanta ag Tascfhórsa na Roinne Oideachais & Eolaíochta ar Iompraíocht Daltaí ag an Dara Leibhéal. Mar sin féin, díreoidh na treoirlínte aige den chuid is mó ar thacú leis an bpróiseas forbartha ar pholasaí a chuireann dea-iompar chun cinn i measc daltaí.

7 Tascfhórsa ar Iompraíocht Daltaí

Go luath in 2005, chuir an BNLO aighneacht faoi bhráid an Tascfhórsa ar Iompraíocht Daltaí ag an Dara Leibhéal agus tugadh foláireamh nach raibh freastal ceart á dhéanamh ag córas oideachais na hÉireann ar leanaí le fadhbanna smachta, agus go háirithe leanaí a bhí díbeartha ón scoil. Dúirt an Bord gur chóir go mbeadh fócas leasa mar chuid de straitéis ar bith a úsáidfí chun dul i ngleic le fadhbanna iompraíochta.

San aighneacht aige dúirt an Bord freisin nach raibh sé i bhfabhar lagú a dhéanamh ar an bhfáil dhlíthiúil atá ag daoine ar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998. Is rud dearfach é an córas achomhairc, a thugann cead do thuismitheoirí agus leanaí achomharc a dhéanamh maidir le cinneadh leanbh a dhíbirt ó scoil. Dá bharr, tá na polasaithe ag scoileanna níos treise agus chuidigh sé le scoileanna a chinntiú go bhfuil a nósanna imeachta cóir agus trédhearcach. Bhí géarghá ag tuismitheoirí agus daltaí le córas achomhairc laistigh den chóras oideachais toisc an cinneadh dalta a dhíbirt a bheith chomh tromchúiseach sin.

Mar sin féin, thug an Bord le fios gur thaispeáin ceist na díbeartha aimhrialtacht bhunúsach laistigh de chóras oideachais na hÉireann; conas is féidir leis an gcóras an soláthar oideachais a dhéanamh atá ag dul do leanbh atá díbeartha ón scoil agus conas is féidir le tuismitheoirí a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh agus a chinntiú go ndéanann a leanbh freastal ar scoil? Fad is atá an ceart ann leanbh a dhíbirt, caithfidh soláthar dlíthiúil agus oideachais gabháil leis ionas go mbeidh fáil ag an leanbh díbeartha ar oideachas mar a míníodh san aighneacht. Is gá déileáil go práinneach leis an gceist seo dar leis an BNLO i dtéarmaí teidlíochta dlíthiúla agus soláthar oideachais araon.

Chomhairligh an Bord gur dúshlán an-mhór a bheadh sna modhanna smachtaithe scoile ar nós coinneáil istigh, seasamh lasmuigh den rang, cur ar fionraí agus díbirt ón scoil i dtéarmaí tinrimh scoile. Caithfidh aon straitéis a úsáideann múinteoir nó scoil chun dul i ngleic le hiompraíocht mhíshásúil fócas leasa a bheith

mar threoir dó. I bhfocail eile, ba chóir go ndéanfadh an scoil an cúram céanna de leas oideachais an linbh a bhaintear amach as an suíomh oideachais agus a dhéantar do leas an linbh atá sa seomra ranga.

Tharraing an Bord aird freisin ar na fadhbanna a bhí ag leanaí go minic ag aistriú ó Bhunscoileanna go hIar-bhunscoileanna toisc an cur chuige maidir le curaclaim a bheith chomh héagsúil idir an dá leibhéal scolaíochta.

Léirigh an Bord gur chuir forbairtí nua sa churaclam Bunscoile béim an-mhór ar fhoghlaim fhéindírithe, ar fhéin-chur in iúl, ar cheistiú agus ar ghluaiseacht sa seomra ranga. I suímh áirithe dara leibhéal, áfach, d'fhéadfaí a cheapadh go bhfuil 'fadhb iompraíochta' ag daltaí a léiríonn a leithéid seo d'iompraíocht agus iad ag foghlaim. Is féidir leis an aistriú seo sa chultúr foghlama cur isteach go mór ar leanaí agus mearbhall a chur orthu. Mhol an Bord go mbeadh sé gátarach comhleanúnachas a bheith ann idir na curaclaim Bhunscoile agus Iar-bhunscoile.

Ar deireadh, chuir an Bord béim ar an ról ar leith atá ag Oifigigh Leasa Oideachais agus iad ag déileáil leis na roghanna atá ann do leanaí le fadhbanna iompraíochta, agus an ról atá acu na roghanna sin a fhorbairt, agus mhol sé gur chóir ról na nOifigeach Leasa Oideachais a threisiú laistigh den chóras oideachais.

8 Oideachas Lasmuigh de Scoileanna Aitheanta

Tá dualgas reachtúil ar an BNLO a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh ó aois 6 go 16 íosmhéid áirithe oideachais. Chuige seo, caithfidh sé faire ar na caighdeáin oideachais áit a mbíonn leanaí cláraithe i mBunscoileanna príobháideacha ina n-íoctar táillí, scoileanna Montessori nó ag fáil oideachais sa bhaile.

An chéad chéim a glacadh in 2005 i dtreo monatóireachta ar oideachas sa bhaile ab ea an liosta leanaí cláraithe a bhunú agus ansin rinneadh measúnú ar an oideachas a fuarthas, i gcomhar leis an nGréasán Oideachais Baile (HEN).

Rinne daoine údaraithe a raibh sainoiliúint orthu san obair seo an chéad mheasúnú ar leanaí a bhí ag fáil oideachais in áiteanna nach scoileanna aitheanta iad (m. sh. sa bhaile). Oibríonn an Bord go dlúth le HEN agus leis an AIJS chun na socruithe nua a chur i bhfeidhm. Tá beagnach 200 leanbh cláraithe anois, seachas na leanaí atá ag freastal ar Bhunscoileanna príobháideacha.

9 Fostaíocht Luath

Tá an obair ullmhúcháin ag dul ar aghaidh maidir le bunú cláir do dhaoine atá 16 agus 17 bliain d'aois a fhágann an scoil chun dul ag obair.

10 Prótacail

In 2005, thosaigh dianobair le scoileanna chun prótacal a fhorbairt a dhéanfaidh soiléiriú ar na freagrachtaí agus an méid a bhfuiltear ag súil leis maidir le tinreamh scoile.

In 2005, thosaigh obair freisin ar fhorbairt prótacail le seirbhísí tacaíochta mar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), FÁS, Múinteoirí Taistil don Lucht Siúil (VTTs), Teagmháil Baile Scoile agus an Phobail (HSCL) agus an Clár Críochnaithe Scoile (SCP).

11 Líne Chabhrach Oideachais Náisiúnta

Tá an chéad Líne Chabhrach Oideachais Náisiúnta (1890 36 36 66) á rith ag an BNLO, agus foireann oilte Oifigeach Leasa Oideachais i bhfeighil na líne, a thugann cabhair phraiticiúil agus treoir do thuismitheoirí agus scoileanna maidir le ceisteanna oideachais (féach Measúnú ar Líne Chabhrach, lch 22). In 2005, rinne an tseirbhís seo déileáil le breis is 5,000 glaoch.

12 Treoirlínte do Nósanna Imeachta Dlíthiúla an BNLO

Faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, tá an chumhacht ag an mBord an dlí a chur ar thuismitheoirí nó caomhnóirí a dhéanann faillí maidir le cosaint ar cheart an linbh chun oideachais.

In 2005, thosaigh obair ar dhréachtú na dtreoirlínte a chuireann treoir agus tacaíocht ar fáil d'Oifigigh Leasa Oideachais agus a bhfeidhm dhlíthiúil á chur i gcrích acu. Más rud é go dtéann cás os comhair na Cúirte, ní mór don Oifigeach Leasa Oideachais ról an ionchúisitheora a ghlacadh air/uirthi féin. Níl cleachtadh ná taithí ag a lán dár bhfoireann air seo, agus déanann an cháipéis seo cur síos ar na nósanna imeachta a chaithfear a leanúint.

Fógraí Tinrimh Scoile

In 2005, d'eisigh an BNLO a chéad Fhógraí Tinrimh Scoile (SANanna), ar fhógraí dlíthiúla iad a chuireann iallach ar thuismitheoir a leanbh a chur go scoil ainmnithe ar feadh tréimhse shonraithe ama. Is é an SAN an chéad chéim i gcúis dlí i gcoinne tuismitheoirí ar theip orthu thar tréimhse fhada ama comhoibriú le hiarrachtaí na nOifigeach Leasa Oideachais a chinntiú go dtéann an leanbh ar scoil, agus áit a gceapann an tOifigeach oilte go bhféadfadh an tuismitheoir níos mó a dhéanamh chun ceart a linbh chun oideachais a chaomhnú.

Roghanna a Iniúchadh

Ní chuirtear an dlí ar thuismitheoirí ach mar rogha deiridh ar fad agus ní dhéanfar é ach i gcásanna eisceachtúla más é sin an t-aon bhealach le ceart an linbh chun oideachais a chosaint.

Thionóil an BNLO comhdháil i mBealtaine 2005 a rinne roghanna eile a iniúchadh, seachas fíneálacha nó príosúnacht do thuismitheoirí a thagann os comhair na Cúirte toisc cúrsaí tinrimh scoile. Bhí an chomhdháil bunaithe ar thaithí, ar sheirbhísí agus ar thionscnaimh atá cheana féin á gcur ar fáil ag lucht oilte i réimsí éagsúla ó chúnamh dlí go seirbhísí oideachais for-rochtana go seirbhísí tacaíochta teaghlaigh.

Táthar ag súil go mbeifear ábalta na torthaí a thiocfaidh ón gcomhdháil agus ó obair iniúchta eile atá ar bun ag an BNLO a úsáid chun deis a thabhairt do thuismitheoirí feabhas a chur ar a scileanna tuismitheoireachta, a gcumas bheith ábalta teacht ar thacaíocht agus seirbhísí, a bhféinmheas agus misneach agus ar deireadh thiar an cumas acu a chinntiú go bhfaigheann a leanaí oideachas níos fearr agus saol níos fearr.

Dhírigh an próiseas iniúchta freisin ar na bearnaí atá sna seirbhísí agus tionscnaimh atá ann cheana agus ar réimsí inar féidir leis an BNLO a bheith ceannródaíoch, agus inar féidir leis tacú leis an obair ag daoine eile ag cinntiú go bhfaigheann leanaí dóthain oideachais (féach Tacú le Forbairt Polasaí – lch 21).

13 Oiliúint agus Forbairt Polasaí Maoirseachta Gairmiúla

Aithníonn an Bord gur chóir tús áite a thabhairt d'oiliúint agus d'forbairt foirne. Cuireann clár Forbartha Polasaí Maoirseachta Gairmiúla an BNLO tacaíocht, comhairle, treoir agus deiseanna foghlama ar fáil don fhoireann. Rinneadh forbairt ar ár bpolasaí Maoirseachta Gairmiúla in 2005 agus ghlac gach ball den fhoireann leasa oideachais páirt san oiliúint.

14 Athbhreithniú ar an gCód Cleachtais

Toisc an taithí nua eagraíochtúil agus phraiticiúil beartaíodh obair a thosú ar athdhréachtú Chód Cleachtais an BNLO. I dteannta na bprótacal atá leagtha amach chun déileáil leis an obair ilghnéitheach a dhéanann foireann an BNLO ar bhonn laethúil tá nodaireacht, atá fréamhaithe i gcásanna a bhíonn casta agus ilghnéitheach iontu féin.

15 Polasaí Cosanta Leanaí

Tá sé i gceist ag an BNLO leas gach linbh agus duine óig a chosaint. Chuige seo, rinneadh forbairt in 2005 ar dhréacht-Pholasaí Cosanta Leanaí an BNLO, ag teacht lenár bhfoilseacháin *Our Duty To Care agus Children First*, agus seo na chéad treoirlínte náisiúnta um chosaint agus leas leanaí, a deir:

- Cinnteofar go mbeidh an scil, an t-eolas agus na luachanna cuí ag ár bpearsanra chun seirbhís éifeachtach a chur ar fáil do leanaí
- Cinnteofar go mbeidh ár bpearsanra ar an eolas maidir le reachtaíocht ábhartha, treoirlínte náisiúnta agus nósanna imeachta agus prótacail áitiúla um chosaint leanaí.
- Cuideofar leis an bhfoireann mí-úsáid leanaí a aithint agus tuairisciú ina leith
- An tairbhe is mó a bhaint as an bhfoireann chun leanaí a chosaint go héifeachtach
- An chaoi le rúndacht a chinntiú
- An cleachtas is fearr i measc an phearsanra
- An chaoi le freagairt i gceart d'amhrais agus do líomhaintí
- An chaoi a n-earcaítear agus a roghnaítear pearsana chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach le bheith ag obair le leanaí
- Na córais atá i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar monatóireacht go rialta ar an bhfoireann uile atá ag obair le leanaí
- An polasaí earcaíochta atá ag an mBord, a dhéanann gach iarracht is féidir daoine nach bhfuil oiriúnach le bheith ag obair le leanaí a chur as an áireamh

Chomh maith leis sin, in 2005, cuireadh oiliúint *Children First* ar an bhfoireann leasa oideachais ar fad: beidh an oiliúint seo éigeantach do gach ball nua foirne.

16 Córas Bainistíochta Cásanna

In 2005, d'fhorbair an BNLO Córas TF Bainistíochta Cásanna (CMS) nua chun cuidiú le hOifigigh Leasa Oideachais tosaíocht a thabhairt agus bainistiú a dhéanamh ar a gcásanna ón gcéad lá a chuirtear faoina mbráid iad go dtí go réitítear iad. Suite ar inlíon an BNLO, dearadh é chun go mbeadh sé éasca don fhoireann ar fad é a úsáid agus éasca gabháil tríd. In 2005, cuireadh tús leis ar bhonn píolótach.

Cuirtear asláithreachtaí os cionn 20 lá isteach sa chóras, áit a ndéantar scagadh orthu agus chun go bhféadfaí 'cásanna gníomhacha' a dhéanamh astu ar ball. Is féidir sonraí ar aon chás a atreoraítear a chur isteach via foirm ar líne, nó trí dhaltaí ardbhaoil a roghnú trína sonraí tinrimh. Cabhraíonn an córas seo leis an bhfoireann déileáil le cásanna ón gcéad lá go dtí go bhfaightear réiteach orthu, agus feidhmchláir éagsúla ríomhaireachta á n-úsáid in ionad an ghnáthpháipéarachais.

Seirbhísí Corparáideacha

1 Rialachas Corparáideach

Mar fhreagra ar an *gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit,* bhunaigh an BNLO Coiste Iniúchta Inmheánaigh a bheidh freagrach as Plean Iniúchta Inmheánaigh a fhorbairt don eagraíocht.

2 An Bord

Bhí naoi gcruinniú fhoirmiúla ag an BNLO le linn 2005. Tá méid áirithe coistí ag an mBord a thagann le chéile iad féin ceithre huaire sa bhliain. Tá achoimre thíos ar an bhfeidhm atá ag gach coiste (tá cur síos ar bhallraíocht na gCoistí go léir in **Aguisín 4**).

Coiste Cumarsáide

Chun comhairle a chur ar an mBord maidir le forbairt agus forfheidhmiú a straitéise cumarsáide agus chun ábhair eile a chuirtear faoi bhráid an Choiste ó am go ham a chíoradh.

Coiste Taighde

Chun comhairle a chur ar an mBord maidir lena fheidhm taighde; chun forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an chláir thaighde; agus chun comhairle a chur ar an mBord maidir le hábhair eile a chuirtear faoi bhráid an choiste ó am go ham.

Rialachas Corparáideach

Chun cód rialachais chorparáidigh a dhréachtú agus a mholadh don Bhord.

Coiste Oideachais

Chun comhairle a chur ar an mBord maidir le hábhair a bhaineann le hoideachas agus scoileanna go ginearálta agus ceisteanna eile a d'fhéadfaí a chur faoi bhráid an choiste ó am go ham.

3 Lámhleabhar Foirne

In 2005, d'fhorbair an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais a chéad lámhleabhar. Tiomsaíodh an Lámhleabhar chun go mbeadh fáil dhíreach ag gach ball foirne ar pholasaithe fostaíochta agus cleachtais an BNLO, agus chun go mbeadh fáil ag an bhfoireann ar fhoirmeacha iarratais éagsúla dá mbeidís ag teastáil uathu. Tá fáil ag an bhfoireann go léir ar an Lámhleabhar trí inlíon an BNLO, áit a mbeidh na sonraí is déanaí maidir le reachtaíocht, polasaí ague cleachtais ar fáil de réir mar a athraíonn siad.

4 Oideachas Foirne agus Polasaí Forbartha

Teastaíonn ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais a fhostaithe a spreagadh le forbairt, oiliúint agus oideachas breise a fháil dóibh féin, rud a d'fhéadfadh cabhrú leo dul chun cinn a dhéanamh laistigh den Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais, trí aisíoc a dhéanamh leo ar chúrsaí staidéir a dhéanann siad i gcoláistí, ollscoileanna nó institiúidí oideachais eile le linn téarma acadúil ar sceidil rialta, nuair atá fianaise shásúil ann gur chríochnaigh siad an cúrsa. Molann an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais go mór do dhaoine páirt a ghlacadh i gcláir a bhfuil deimhniú nó cáilíocht ó eagrais sheanbhunaithe mar thoradh orthu.

Ina theanna sin, tá an Fochoiste Oiliúna agus Forbartha Comhpháirtíochta ag obair faoi láthair ar Phlean Oiliúna agus Forbartha Eagraíochtúil a thacóidh le Plean Straitéiseach an BNLO 2005 – 2007.

Aithneoidh an Plean riachtanais cumais, scile agus oiliúna a bheidh ag teastáil ó Oifigigh Leasa Oideachais agus ag foireann riaracháin ina gcomhthéacs oibre agus úsáidfear é mar bhunús le haghaidh córas measúnaithe a aithneodh na háiteanna ina mbeadh gá le tacaíocht forbartha foirne.

5 Earcaíocht

In 2005, fostaíodh 10 mball foirne breise sa BNLO. Tá cúlra ag foireann an BNLO i raon leathan gairmeacha sna hearnálacha oideachais agus leasa: cuireann an raidhse taithí seo go mór le cumas na heagraíochta a seirbhísí a chur ar fáil go héifeachtach.

Tá dianchórais seiceála mar chuid ghátarach de phróiseas earcaíochta an BNLO. Iarrtar ar gach fostaí ionchasach dearbhú a shíniú maidir le gníomhaíocht choiriúil agus déanann Aonad Lárnach Seiceála na nGardaí seiceáil ar an gcúlra acu. Fairis sin, faightear teistiméireachtaí fostaíochta deimhnithe.

6 Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

Cinnteoidh an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais go mbeidh timpeallacht oibre na bhfostaithe sábháilte agus sláintiúil i gcónaí. Chuige seo tá rannóg Acmhainní Daonna an BNLO ag forbairt Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP) faoi láthair a chuirfidh tacaíocht ar fáil d'fhostaithe a bhfuil fadhbanna oibre acu, a fheabhsóidh táirgiúlacht agus a thacóidh le sláinte ghinearálta agus folláine na bhfostaithe.

7 Caidreamh le Fostaithe

Tá prótacal Caidrimh Thionsclaíoch socraithe ag an mBord le IMPACT, chun go ndéanfaí déileáil le cúrsaí go gasta agus ag an leibhéal áitiúil.

8 Obair Sholúbtha

Tá dréachtpholasaí oibre solúbtha forbartha ag an mBord chun solúbthacht níos mó a thabhairt don fhoireann lena n-uaireanta oibre, agus chun tacú le sainmheon na cothromaíochta saoil agus oibre.

9 Sláinte agus Sábháilteacht

Cinnteoidh an BNLO go dtabharfar tús áite do shláinte, do shábháilteacht agus do leas na foirne. In 2005, cuireadh Ráiteas Sábháilteachta an BNLO le chéile tar éis sainmheasúnaithe riosca a dhéanamh ar an tSeirbhís Leasa Oideachais agus ar oifigí an BNLO agus bhí comhairliúchán ann leis an bhfoireann maidir leis seo.

An aidhm atá ag an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta ná straitéis choisctheach a fhorbairt maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair. Bainfear é seo amach trí chaighdeáin arda chóiríochta a choinneáil, contúirtí a aithint (agus fáil réidh leo más féidir), eolas a sholáthar don fhoireann, agus ar deireadh thiar trí chomhairliúchán leanúnach leis an bhfoireann maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa.

10 Seirbhís Chustaiméara den Scoth

Mar fhreagra ar Thionscnamh Seirbhíse Custaiméara Ardchaighdeáin an Rialtais, tosaíodh réamhphleanáil in 2005 ar fhorbairt an chéad Phlean Ghníomhaíochta um Sheirbhís Chustaiméara Ardchaighdeáin ag an BNLO agus ar Chairt Chustaiméirí. Tá tús áite tugtha sa tréimhse chomhairliúcháin den phróiseas don chuspóir seo le linn 2006.

11 Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

De réir Chlár Nuachóirithe Seirbhíse Poiblí agus Sibhialta an Rialtais tá forbairt á dhéanamh anois ag an mBord ar chreat oibre chun an PMDS a chur i bhfeidhm.

12 Dul Chun Cinn a Choinneáil

Tá an BNLO tiomanta do na dúshláin a chuireann an Comhaontú Náisiúnta, Dul Chun Cinn a Choinneáil roimhe. Baineadh amach na cuspóirí ar fad a bhí aitheanta le haghaidh 2005. Bhí dlúthbhaint ag Coiste Comhpháirtíochta an BNLO lena dheimhniú go mbaintear amach spriocanna agus go gcuirtear tuairiscí isteach in am.

Taighde

Forbhreathnú

Cuireann an tAcht Oideachais (Leas) 2000 cúramaí leathana ar an BNLO maidir le tinreamh scoile a chur chun cinn. Baineann na cúramaí seo le dualgais i leith na sochaí, teaghlaigh, gníomhaireachtaí oiliúna, forbairt curaclaim, scoileanna agus leanaí. Cuireann sé de cheangal ar an BNLO tacú le scoileanna straitéisí tinrimh scoile agus cóid iompraíochta a ullmhú, agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí is a bhíonn siad ag cur cosc ar asláithreacht.

Samhlaítear san Acht go mbeidh gnéithe éagsúla ag baint le taighde agus forbairt an BNLO:

- Taighde a reáchtáil agus a choimisiúnú maidir le tinreamh scoile.
- An taighde sin a scaipeadh.
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar éifeacht na straitéisí agus cláir atá dírithe ar asláithreacht scoile a chosc.

Straitéis Taighde an BNLO

Rinneadh forbairt ar Straitéis Taighde an BNLO in 2005 faoi choimirce Choiste Taighde an Bhoird (féach lch 29). Leagadh amach príomhfhócas agus aidhm na straitéise taighde ag an gCoiste Taighde mar seo a leanas:

- Tacú le mórchuspóirí straitéiseacha an Bhoird (mar atá luaite inár bPlean Straitéiseach 2005 – 2007).
- Cuidiú le go ndéanfaí cinntí bunaithe ar fhianaise.
- Modhanna cleachtais is fearr a chur ar fáil maidir le príomhréimsí oibre an Bhoird.
- Tacú le forbairt polasaí.

Tá treo soiléir leagtha amach ag an gCoiste Taighde don chur chuige ag an mBord ina ghníomhaíochtaí taighde. Beartaíodh go ndéanfadh an taighde a rinne an Bord nó a choimisiúnaigh sé:

- Cur chuige comhtháite a thógáil a aithníonn na naisc idir gach toisc ag leibhéal na sochaí, an teaghlaigh, an phobail, na scoile agus an duine aonair a théann i bhfeidhm ar thinreamh scoile.
- Díriú ar an ról ag gach rannpháirtí a mbíonn éifeacht aige/aici ar leas oideachais leanaí agus ar a dtinreamh scoile go háirithe.
- Bealaí a aithint inar féidir tacú leis na páirtithe seo ar fad go héifeachtach.
- Díospóireacht agus caidreamh a thosú i measc páirtithe leasmhara faoi na cleachtais is fearr bunaithe ar fhianaise.
- Díriú ar thaighde a úsáid chun feabhas a chur ar chúrsaí.

Trí ghlacadh le Straitéis Taighde fhairsing agus dírithe ar úsáid, déanfaidh an Bord cur chuige scoilte a sheachaint, nó spleáchas nach gá ar thionscadail ar scála beag, mura n-oireann na tionscadail seo laistigh de fhrámaíocht níos leithne agus an Straitéis Taighde iomlán a chur chun cinn ar bhealach soiléir. Rachaidh an Bord i mbun eolas a ghiniúint ar féidir é a úsáid i scoileanna agus i measc an phobail ar bhealach praiticiúil.

An Clár Taighde do 2005

Bhí clár na bliana 2005 ar an gcéad chéim i gcur i bhfeidhm na Straitéise Taighde. Tá sé i gceist go dtógfar ar an mbunchloch seo agus go ndéanfar forbairt air le himeacht aimsire, chun go gcuirfear cnuasach téagartha taighde le chéile a bheidh mar chrann taca ag forbairt agus cleachtas polasaí laistigh den BNLO. Dhírigh clár 2005 ar na trí réimse seo a leanas:

- Tinreamh agus asláithreacht scoile.
- Tacú le réimsí ar leith d'fhorbairt polasaí agus cleachtais.
- Cur le caighdeán eagraíochtúil agus seirbhíse.

1 Tinreamh agus asláithreacht scoile

Tá eolas cainníochtúil agus cáilíochtúil ar thinreamh agus asláithreacht scoile in Éirinn an-teoranta. Mar sin féin, tá an t-eolas seo gátarach chun cuidiú leis an BNLO, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, scoileanna agus gníomhaireachtaí eile polasaithe agus straitéisí éifeachtacha a ghlacadh chun dul i ngleic le ceisteanna tinrimh scoile. Tá sé gátarach freisin chun

cuidiú leis an mBord feidhm a bhaint as a fhoireann ar bhealach a thosóidh ag dul i ngleic leis an bhfadhb asláithreachta ar an mbealach is fearr.

Agus é mar aidhm againn cnuasach téagartha de shonraí tinrimh scoile a bhailiú, rinneadh coimisiúnú ar mhéid áirithe tionscadal. Tá sé mar aidhm leis na tionscadail go bhfaighfí tuiscint níos fearr ar cheisteanna tinrimh scoile agus na cúinsí a ghabhann le droch-thinreamh agus cur lenár n-eolas maidir le leibhéil agus pátrúin tinrimh scoile in Éirinn.

Staidéar ar thinreamh agus taithí scoile ag daltaí agus deiseanna sa saol níos déanaí (ESRI)

An aidhm atá ag an staidéar seo ná:

- Léargas cuimsitheach a chur ar fáil ar litríocht agus sonraí atá ann cheana sa réimse leathan tinrimh.
- Feabhas a chur ar ár dtuiscint maidir le ceisteanna tinrimh.
- Aird a dhíriú ar thosaíochtaí éagsúla polasaí agus taighde.
- Straitéis an BNLO a stiúradh chun déileáil le tinreamh scoile.

Tosaíonn an staidéar seo le hiniúchadh ar an litríocht idirnáisiúnta agus Éireannach ar chúrsaí tinrimh scoile, ábhair imní an pholasaí sa réimse seo agus tionscadail eile a rinne iarracht dul i ngleic le ceisteanna tinrimh scoile, chomh maith le réimsí níos leithne mar ghannacmhainneacht comhlíonta oideachais, míshástacht leis an scoil agus lauthfhágáil scoile.

Déanann an staidéar scrúdú ansin ar shonraí ó thaighde an ESRI i réimse an oideachais, ag díriú go háirithe ar an méid atá foghlamtha ó na staidéir sin faoi chúrsaí tinrimh scoile a tharraingt le chéile.

Ag breathnú go domhain ar chásanna drochthinrimh scoile

Chomh maith le sonraí ardleibhéil a bhailiú faoi thinreamh scoile agus straitéisí tinrimh scoile, feictear don Bhord go bhfuil gá le dian-anailís cháilíochtúil ar an taithí atá ag tuismitheoirí, daltaí, múinteoirí, príomhoidí scoile agus oifigigh leasa oideachais i dtaca le tinreamh scoile. Ba chóir go mbeadh na léargais éagsúla seo cabhrach chun freagra éifeachtach a fhorbairt maidir le tinreamh scoile.

Thug MORI faoi staidéar píolótach i ndeich scoil (cúig Bhunscoil agus cúig Iar-bhunscoil). An aidhm a bhí leis an staidéar ná na tuairimí a bhí ag múinteoirí, tuismitheoirí, daltaí agus Oifigigh Leasa Oideachais a fháil faoi na cúiseanna a bhí le hasláithreacht, agus na saghsanna idirbheartaíochtaí a d'fhéadfadh cuidiú le tuismitheoirí a chinntiú go dtéann a leanaí ar scoil. Cuireann an staidéar seo cur chuige ar bhealaí difriúla san áireamh chun léargas níos grinne a fháil ar phátrúin asláithreachta i measc leanaí a bhíonn as láthair breis is 20 lá in aghaidh na scoilbhliana.

Anailís ar shonraí tinrimh scoile bliantúil

De réir cheanglais an Achta Oideachais (Leas), bailíonn an BNLO sonraí tinrimh bliantúla ó scoileanna. Déantar anailís ar na sonaí seo chun eolas a chur ar fáil le haghaidh ullmhú polasaí agus le haghaidh pleanála. Cuireann na sonraí eolas bonnlíne riachtanach ar fáil lenar féidir athruithe i leibhéil tinrimh scoile, agus treochtaí i dtinreamh scoile a thomhas thar achar ama. Taispeánann an tuairisc tinrimh bhliantúil don scoilbhliain 2004/2005:

- Go bhfuil na figiúirí iomlána tinrimh i gcomhréir le 2003/2004 ag an leibhéal Bunscoile agus Iar-bhunscoile araon.
- Mar sin féin, tá an céatadán tinrimh bliantúil i mórán ceantar ar dhírigh an BNLO go háirithe orthu, amhail na scoileanna faoin míbhuntáiste is mó ag an leibhéal Bunscoile agus Iar-bhunscoile, scoileanna uirbeacha, agus scoileanna RAPID, níos airde anois i gcomparáid le 2003/2004.
- Fairis sin, tá an meánchéatadán de dhaltaí atá as láthair ar feadh breis is 20 lá níos ísle i mórán de na ceantair ar dhírigh an BNLO orthu, i gcomparáid le 2003/2004.

Tá an tuairisc iomlán le fáil ar shuíomh gréasáin an BNLO.

2 Tacú le réimsí áirithe forbartha polasaí agus cleachtais

Chomh maith le cláir taighde fhoirmiúla, tá obair forbartha eile i gceist le Straitéis Taighde an BNLO ar réimsí tosaíochta eile i gcúrsaí polasaí. Tá an obair forbartha seo á dhéanamh i gcomhar le bainistíocht agus foireann na Seirbhíse Leasa Oideachais.

Le linn 2005, rinneadh obair forbartha ar raon réimsí polasaí agus cleachtais, ina measc seo bhí iniúchadh ar roghanna eile mar mhalairt ar fhíneálacha agus príosúnacht áit a dtagann tuismitheoir os comhair na Cúirte toisc a leanbh a bheith as láthair ón scoil. Ar iarratas ón Aire Leanaí, Brian Lenihan, T.D., cuireadh tús le hobair ag breathnú ar an gcumas atá ann idirbheartaíocht a dhéanamh chun tacú le tuismitheoirí atá i mbaol dlí toisc a leanaí a bheith as láthair ón scoil. Breathnaíodh go háirithe ar an mianach a bheadh ag úsáid a bhaint as cláir tuismitheoireachta.

D'oscail an tAire Lenihan comhdháil idirgh-níomhaireachta ag a raibh ionadaithe ó raon leathan gníomhaireachtaí éagsúla agus baint acu le leanaí agus teaghlaigh, pearsanra scoile agus Roinne Oideachais agus Eolaíochta, Oifigigh Leasa Oideachais agus roinn an fhoireann ó sheirbhísí leasa oideachais Thuaisceart Éireann a dtaithí féin maidir le saghsanna tacaíochta ar éirigh go maith leo cabhrú le teaghlaigh, agus breathnaíodh ar chumas agus mianach a bhí fós ann.

Thaispeáin an plé ar na hábhair a bhí faoi chaibidil sa chomhdháil go raibh gá ag tuismitheoirí a bhí i mbaol caingne dlí le raon casta tacaí, agus gur ghá do na freagraí idirghníomhaireachta a bheith múnlaithe go cúramach.

Forfheidhmiú Alt 14 den Acht Oideachais (Leas)

De réir Alt 14 den Acht Oideachais (Leas) cláraítear leanaí atá ag fáil oideachais in ionad nó áit nach scoil aitheanta í.

Leis an alt seo freisin aithnítear cláir áirithe oideachais, oiliúna nó teagaisc nó taithí oibre atá leagtha síos ag an Aire. Ní gá don BNLO measúnú a dhéanamh ar na cláir seo atá leagtha síos.

Tá líon suntasach leanaí agus daoine óga ag fáil oideachais, oiliúna agus teagaisc faoi chláir nach gcomhlíonann riachtanais an Achta Oideachais (Leas) 2000 faoi láthair.

Nuair a roghnaíonn 'duine a fhágann an scoil go luath' freastal ar chlár oideachais nó oiliúna in áit nach scoil aitheanta í (nó scoil a ndearnadh measúnú air le haghaidh Alt 14), d'fhéadfadh an tOifigeach Leasa Oideachais breathnú ar an gclár sin mar an rogha is fearr don leanbh, agus go mb'fhearr é sin, ar mhaithe leis an leanbh, ná Fógra Tinrimh Scoile a thabhairt. Thiocfadh forálacha Alt 14 i bhfeidhm sa chás sin.

Tá éagsúlacht an-mhór idir na cláir oideachais agus oiliúna a ndéanann daoine a fhágann scoil go luath freastal orthu. Ina measc tá cláir oiliúna príomhshrutha a eagraíonn FÁS, cláir Youthreach, agus raon clár pobalbhunaithe atá á rith ag soláthraithe éagsúla. Bíonn fócas ar rudaí mar fhorbairt phearsanta, oideachas leanúnach, forbairt gairme agus taithí oibre.

De réir Alt 14.19(b) tá leanaí atá ag glacadh páirte i gclár oideachais, oiliúna, teagaisc nó taithí oibre leagtha síos ag an Aire saor ó na riachtanais reachtúla a bhaineann le leanaí nach bhfuil oideachas á chur orthu i scoil aitheanta.

I ndiaidh mionathbhreithnithe, tá moltaí curtha anois ag an BNLO faoi bhráid an Aire Leanaí a deir gur chóir dó a chumhacht faoin Acht a úsáid chun cláir áirithe a leagadh síos faoi Alt 14.19(b) den Acht. (Oibreofar amach na mionsocruithe maidir leis an bpróiseas forfheidhmithe leis na gníomhaireachtaí cuí)

3 Ag cur le caighdeán eagraíochtúil agus seirbhíse

Tá an BNLO chun tabhairt go diongbháilte faoi chlár leanúnach monatóireachta agus forbartha ar ardchaighdeán i seachadadh seirbhísí. Tá clár taighde an Bhoird dírithe ar thacaíocht a sholáthar don chuspóir straitéiseach sin. Le linn 2005, tugadh faoi chúpla tionscnamh chun monatóireacht agus forbairt a dhéanamh ar an gcaighdeán seirbhíse. Ina measc sin bhí na tionscadail taighde seo a leanas:

Guth a thabhairt do leanaí in obair an BNLO

Tá a lán fáthanna ann go mbeadh leanaí agus daoine óga páirteach san obair ag eagraíochtaí a dhéanann seirbhísí a sheachadadh agus ceann de na fáthanna is tábhachtaí ná gur cuid den pholasaí poiblí náisiúnta anois é (an Straitéis Náisiúnta Leanaí). Ina theannta seo, is léir anois go bhfuil buntáistí díreacha ann do leanaí agus do dhaoine óga iad féin sa chaoi is go dtugann sé scileanna breise dóibh ar nós obair bhuíne, tuiscint ar idirbheartaíocht agus tuiscint ar an mbealach ina bhfeidhmíonn polasaí poiblí.

Dar le staidéir éagsúla, nuair a thugtar cead do leanaí agus do dhaoine óga a bheith páirteach sa bhealach ina ndéantar forbairt, soláthar measúnú agus feabhsú ar pholasaithe agus seirbhísí, cinnteofar go ndéanfaidh na polasaithe agus seirbhísí sin freastal i gceart ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga agus go n-áirítear riachtanais eile nach bhfuil freastal déanta orthu go fóill.

Tá an BNLO tiomanta go gcuirfear polasaí an Rialtais i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht leanaí in eagraíochtaí a dhéanann seirbhísí a sheachadadh a théann i bhfeidhm orthu siúd. Mar chéad chéim, rinne an Bord coimisiúnú ar staidéar ar na roghanna agus na féidearthachtaí maidir le leanaí agus daoine óga mar rannpháirtithe in obair an Bhoird. Bhí próiseas comhairliúcháin leis na leanaí féin mar chuid den staidéar seo. Tá torthaí an staidéir á n-úsáid faoi láthair mar bhunús le Páipéar Seasaimh an Bhoird a fhorbairt a mholann straitéisí éagsúla chun tacú le rannpháirtíocht leanaí ina chuid oibre.

Measúnú ar an Líne Chabhrach

Mar bhealach nuálaíoch leis an Acht Oideachais (Leas) 2000 a chur i bhfeidhm, chuir an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais tús le Líne Chabhrach Oideachais i Márta 2004. Is seirbhís 'Ló-Ghlao' an Líne Chabhrach Oideachais, agus is féidir le daoine glaoch ó áit ar bith sa tír ar chostas glaoigh áitiúil.

An aidhm atá leis an Líne Chabhrach ná eolas agus comhairle a chur ar fáil ar ábhar ar bith a bhaineann le tinreamh scoile nó gnó ar bith atá faoi chúram an bhoird. Tá an-úsáid bainte ag tuismitheoirí, múinteoirí agus daoine eile as an Líne Chabhrach ó bunaíodh í, le breis agus 5,000 glaoch faighte in 2005.

Is iad Horwath Consulting a rinne measúnú ar an Líne Chabhrach don Bhord. Tionscadal forbartha a bhí anseo, ag féachaint ar an Líne Chabhrach tar éis di a bheith i bhfeidhm ar feadh bliana. Tacóidh an measúnú le forbairt leanúnach a dhéanamh ar an Líne Chabhrach, agus le hathruithe ar bith is gá a dhéanamh ar chumas, ról agus fócas na seirbhíse cabhrach gutháin. Ba chóir go mbeadh an measúnú seo ina chóras deimhnithe caighdeáin ag an bpointe seo i bhforbairt na seirbhíse.

Úsáidfear an tuairisc mheasúnaithe mar uirlis oibre chun an fheidhm is fearr a bhaint as an Líne Chabhrach, agus chun cuidiú le monatóireacht leanúnach ar a éifeachtaí is atá sí.

An Todhchaí

In 2005, chuir an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais a Phlean Straitéiseach do 2005 – 2007 le chéile ó bhonn agus seoladh ansin é. Treoir a bheidh sa cháipéis seo don obair ilghnéitheach atá ar bun ag an mBord agus a fhoireann – rinneadh dréachtú air i gcomhthéacs asláithreachta scoile ard agus frámaíocht pholasaí Rialtais a bhfuil mar aidhm aici freastal ar riachtanais leanaí agus míbhuntáiste oideachais a fheabhsú. Tá an Bord tiomanta de go gcomhlíonfar cuspóirí na reachtaíochta seo tríd an raon iomlán seirbhísí atá samhlaithe againn a fhorbairt – seirbhísí oideachais, rialachas corparáideach agus taighde. Mar sin féin, caithfimid ár meitheal oibre a mhéadú chun obair éifeachtach a chinntiú.

In 2006, beidh Cód Cleachtais suas chun dáta á chur le chéile do gach ball foirne sa BNLO. Feicfear, freisin, leathnú ar mhéid áirithe prótacal atá cruthaithe againn lenár gcomhpháirtithe leasa agus oideachais ó ghníomhaireachtaí eile. Rud eile a bhfuil an-bhaint aige leis an obair laethúil againn ná an taighde atá idir lámha againn maidir le tuiscint a fháil ar na bunchúiseanna le hasláithreacht. Chomh maith leis sin, chonacthas na céadchéimeanna á nglacadh in 2005 i dtreo Polasaí Cosanta Leanaí dár gcuid féin a bheith ullmhaithe againn, atá le foilsiú in 2006.

In 2006, táimid ag súil go leathnóidh ár seirbhísí amach go bailte agus cathracha eile ar fud na hÉireann. Léiríonn na sonraí againn go bhfuil an BNLO an-éifeachtach ar fad i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste (RAPID) agus táimid ag súil go mbeidh an scéal amhlaidh agus go dtiocfaidh feabhas air, cé go n-aithnímid go sáraíonn an fhadhb asláithreachta scoile teorainneacha sóisialta. Agus níos mó scoileanna ag baint úsáide as an rolla tinrimh ar líne, www.schoolreturn.ie, méadaíonn ár gcumas polasaí níos treise bunaithe ar fhianaise a chur le chéile. In 2006, feicfimid forbairt ar Straitéisí Tinrimh Scoile agus iad á gcur i bhfeidhm, bunaithe ar an gclár taighde fairsing atá ar bun againn.

Sprioc thábhachtach atá againn le haghaidh 2006 ná críochnú na bprótacal scoile a dhéanfaidh soiléiriú ar na freagrachtaí maidir le tinreamh scoile. Cuirfear treoirlínte do scoileanna ar Straitéisí Tinrimh agus Cóid Cleachtais chun cinn go mór i rith 2006. Tá an mianach ag an dá chnuasach treoirlínte dul i bhfeidhm go dearfach ar obair na scoileanna, agus cur leis an toradh a bhíonn ar oideachas do leanaí agus do dhaoine óga.

Agus muid ag tabhairt aghaidh ar 2006, bainfimid an úsáid is fearr agus is féidir linn as na hacmhainní atá ar fáil dúinn agus tabharfaimid tús áite do na leanaí a bhfuil an gá is mó acu lenár seirbhís.

Aguisín 1

Baill an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais

Ba iad seo a leanas baill an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais i mí na Nollag 2005:

An Dr. Ann Louise Gilligan *(Cathaoirleach), Coláiste Phádraig, Droim Conrach*
Eddie Ward Uas., *Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*
Brendan Callaghan Uas., *An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí*
Declan Dunne Uas., *Páirtíocht Bhaile Munna*
Fionnuala Kilfeather Uas., *Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí*
Gerry Mangan Uas., *An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh*
Fergal McCarthy Uas., *Ceardchumainn Múinteoirí*
Ian Murphy Uas., *An Roinn Oideachais agus Eolaíochta*
Gus O'Connell Uas., *FÁS*
Donal O'Connor Uas., *Oifigigh Leasa Oideachais*
Gearóid Ó Maoilmhichil Uas., *Comhlachtaí Deonacha*
An tSr. Eileen Randles, *Eagraíochtaí Bainistíochta Scoile*
Seamus Moore Uas., *Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*

TINREAMH SCOILE I MBUNSCOILEANNA AGUS IAR-BHUNSCOILEANNA

Achoimre ar na torthaí ó Thuairiscí Tinrimh Bliantúla a chuir scoileanna isteach don scoilbhliain 2004/2005

Tábla 1: Rátaí Freagartha ó Scoileanna

Rátaí Freagartha ó Scoileanna		
	2004/05	2003/04
Bunscoil	83.9%	82.8%
Iar-bhunscoil	76%	71%

Tábla 2: Leibhéil Tinrimh Náisiúnta

	Bunscoil		Iar-bhunscoil	
	2004/05	2003/04	2004/05	2003/04
Céatadán Tinrimh Bliantúil	94.2% nó 11 lá as láthair ar an meán do gach dalta	94.1%	91.6% nó 14 lá as láthair ar an meán do gach dalta	91.3%
Céatadán de dhaltaí as láthair 20 lá nó níos mó	10% nó 1 as 10	10.7%	18.8% nó beagnach 1 as 5	18.9%

Tábla 3: Difríocht idir Leibhéil Tinrimh sna hIar-bhunscoileanna is lú faoi Mhíbhuntáiste agus sna hIar-bhunscoileanna is mó faoi Mhíbhuntáiste

Iar-bhun scoileanna	Míbhuntáiste is Lú		Míbhuntáiste is Mó	
	2004/05	2003/04	2004/05	2003/04
Tinreamh	94.2% nó 10 lá as láthair ar an meán do gach dalta	94.6%	87.0% nó 21 lá as láthair ar an meán do gach dalta	86.1%
Céatadán de dhaltaí as láthair 20 lá nó níos mó	9.2% nó 1 as 11	8.5%	34.8% nó Breis is 1 as 3	38%

Tábla 4: Difríocht idir Leibhéil Tinrimh in Iar-bhunscoileanna i gCeantair RAPID agus iad sin i gCeantair Nach RAPID

Iar-bhun scoileanna	Ceantair RAPID		Ceantair Nach RAPID	
	2004/05	2003/04	2004/05	2003/04
Tinreamh	90.7% nó 15.5 lá as láthair ar an meán do gach dalta	87.8%	91.8% nó 13.5 lá as láthair ar an meán do gach dalta	91.5%
Céatadán de dhaltaí as láthair 20 lá nó níos mó	22% nó 1 as 4.5	26%	18.1% nó 1 as 5.5	18.6%

Tábla 5: Difríocht idir Leibhéil Tinrimh i Scoileanna atá páirteach sa Chlár Críochnaithe Scoile agus iad sin nach bhfuil Páirteach.

Iar-bhun scoileanna	Sa Chlár Críochnaithe Scoile		Nach bhfuil sa Chlár Críochnaithe Scoile	
	2004/05	2003/04	2004/05	2003/04
Tinreamh	88.1% nó 20 lá as láthair ar an meán do gach dalta	N/B	92.1% nó 13 lá as láthair ar an meán do gach dalta	N/B
Céatadán de dhaltaí as láthair 20 lá nó níos mó	30.6% nó beagnach 1 as 3	N/B	17.1% nó 1 as 6	N/B

Tábla 6: Difríocht idir Leibhéil Tinrimh idir Bunscoileanna i gCeantair RAPID agus iad sin i gCeantair Nach RAPID

Bunscoileanna	Ceantair RAPID		Ceantair Nach RAPID	
	2004/05	2003/04	2004/05	2003/04
Tinreamh	91.9% nó 15 lá as láthair ar an meán do gach dalta	90.8%	94.4% nó 10 lá as láthair ar an meán do gach dalta	94.3%
Céatadán de dhaltaí as láthair 20 lá nó níos mó	19.0% nó beagnach 1 as 5	23.7%	9.3% nó beagnach 1 as 11	9.9%

Tábla 7: Difríocht idir Leibhéil Tinrimh i mBunscoileanna Uirbeacha

Bunscoileanna	Míbhuntáiste is Lú		Míbhuntáiste is Mó	
	2004/05	2003/04	2004/05	2003/04
Tinreamh	94.9% nó 9 lá as láthair ar an meán do gach dalta	94.9%	90.5% nó 17 lá as láthair ar an meán do gach dalta	89.6%
Céatadán de dhaltaí as láthair 20 lá nó níos mó	6.9% nó 1 as 14	7.3%	24.2% nó beagnach 1 as 4	28.7%

Tábla 8: Difríocht idir Leibhéil Tinrimh i mBunscoileanna Tuaithe

Bunscoileanna	Míbhuntáiste is Lú		Míbhuntáiste is Mó	
	2004/05	2003/04	2004/05	2003/04
Tinreamh	95.2% nó 9 lá as láthair ar an meán do gach dalta	95.3%	94.5% nó 10 lá as láthair ar an meán do gach dalta	94.3%
Céatadán de dhaltaí as láthair 20 lá nó níos mó	5.9% nó 1 as 16	6.3%	9.4% nó beagnach 1 as 11	9.9%

Aguisín 3

Baill an Ghrúpa Forfheidhmithe Scoile 2005

Eddie Ward Uas., *Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Cathaoirleach an BNLO*
Frank Smith Uas., *Stiúrthóir na Seirbhísí Oideachais, BNLO*
Eileen Fahey Uas., *Stiúrthóir Feidhmeach ar Sheirbhísí Oideachais (lár – 2005)*
Neil Ryan Uas., *Bainisteoir TF, BNLO*
Sean McCarthy Uas., *TUI*
Gerry McCaul Uas., *JMB*
Michael Naughton Uas., *ACCS*
Sheila Nunan Uas., *INTO*
Stephen Falvey Uas., *An Roinn Oideachais agus Eolaíochta*
An tSr Eileen Randles, *Bainistíocht Scoile*
Jacinta Stewart Uas., *IVEA*
Anne McElduff Uas., *INTO*
Joan McLoughlin Uas., *NPC, Tuismitheoirí Bunscoile*
Eleanor Petrie Uas., *NPC, Iar-bhunscoileanna*
Susie Hall Uas., *ASTI*
Don McCluskey Uas., *Ceardchumainn na Múinteoirí*
An tAth. Dan O'Connor, *CPMSA*

COISTÍ BOIRD

Tá méid áirithe coistí ag Bord an BNLO a thagann le chéile iad féin ceithre huaire sa bhliain. Tá cur síos ar an bhfeidhm atá ag gach coiste agus sonraí faoi bhaill na gcoistí le feiceáil thíos.

1 Coiste Cumarsáide

Téarmaí Tagartha

Chun comhairle a chur ar an mBord maidir le forbairt agus forfheidhmiú a straitéise cumarsáide agus chun ábhair eile a chuirtear faoi bhráid an Choiste ó am go ham a chíoradh.

Ballraíocht

An tSr. Eileen Randles, *Ball Boird agus sa Chathaoir*
Fergal McCarthy Uas., *Ball Boird*
Brendan Callaghan Uas., *Ball Boird*
Eddie Ward Uas., *Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*
Laura Slevin Uas., *Stiúrthóir ar Sheirbhísí Corparáideacha*
Donal O'Connor Uas., Ball Boird, *EWO*
Eileen Fahey Uas., *Stiúrthóir Feidhmeach ar Sheirbhísí Oideachais*

2 Coiste Taighde

Téarmaí Tagartha

Chun comhairle a chur ar an mBord maidir lena fheidhm taighde; chun forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an chláir taighde; agus chun comhairle a thabhairt maidir le hábhair eile a chuirtear faoi bhráid an choiste ó am go ham.

Ballraíocht

Ann Louise Gilligan Uas., *Cathaoirleach an Bhoird agus sa Chathaoir*
Gearóid Ó Maoilmhichíl Uas., *Ball Boird*
Declan Dunne Uas., *Ball Boird*
Gerry Mangan Uas., *Ball Boird*
Guss O Connell Uas., *Ball Boird*
Eileen Fahey Uas., *Stiúrthóir Feidhmeach na Seirbhísí Oideachais*

3 Rialachas Corparáideach

Téarmaí Tagartha

Chun cód rialachais corparáidigh a dhréachtú agus a mholadh don Bhord.

Ballraíocht

Declan Dunne Uas., *Ball Boird agus sa Chathaoir*
Fionnuala Kilfeather Uas., *Ball Boird*
Laura Slevin Uas., *Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha*

4 Coiste Oideachais

Téarmaí Tagartha

Chun comhairle a chur ar an mBord maidir le hábhair a bhaineann le hoideachas agus scoileanna go ginearálta agus ceisteanna eile a d'fhéadfaí a chur faoi bhráid an choiste ó am go ham.

Ballraíocht

Ann Louise Gilligan Uas., *Ball Boird agus sa Chathaoir*
Fionnuala Kilfeather Uas., *Ball Boird*
An tSr. Eileen Randles, *Ball Boird*
Declan Dunne Uas., *Ball Boird*
Ian Murphy Uas., *Ball Boird*
Fergal McCarthy Uas., *Ball Boird*
Eddie Ward Uas., *Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*
Eileen Fahey Uas., *Stiúrthóir Feidhmeach na Seirbhísí Oideachais*